Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0035

Rialachán lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, An Coiste um Buiséid

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Feabhra 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus óna gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (COM(2026)0020 – C10-0005/2026 – 2026/0008(COD))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán – comhar feabhsaithe)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2026)0020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0005/2026),

– ag féachaint do sheasamh uaithi an 21 Eanáir 2026[1], trínar thug sí a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le bunú Iasachta don Úcráin,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2026/258 ón gComhairle an 29 Eanáir 2026 lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le bunú Iasachta don Úcráin[2],

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0010.
[2] IO L, 2026/258, 2.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/258/oj.

dáta an 4 Feabhra 2026 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

– ag féachaint do Rialacha 60, 93(3) agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2026)0008

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 11 Feabhra 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2026/467.)